Beidh sraith Modúl i ngach clár a chuireann an Ollscoil ar fáil agus is ionann gach modúl agus aonad teagaisc agus foghlama le **Torthaí Foghlama** leagtha síos dóibh, agus beidh creidiúint ag dul leo a chuirfear in iúl mar líon pointí creidiúna de réir an Chórais Eorpach Aistrithe Creidiúna. Beidh an **Cur Síos ar Mhodúil** sonraithe i **Stór na Modúl** (nó córas lárnach chun Modúil a bhainistiú) agus beidh sé leagtha amach sna **Sonraíochtaí agus sna Rialacháin** do gach clár sa Choláiste.

**Beidh ualú creidiúnaithe 5 ECTS ag dul le modúil aonair, nó féadfar an t-ualú a mhéadú faoi 5 ECTS más rud é go n-éilíonn dea-chleachtas acadúil aonaid staidéir níos leithne.**

Bronnfar creidmheas ar mhic léinn a bhaineann 40% amach i modúl (féach ar na forálacha a bhaineann le cúiteamh ag 5.5 thíos).

#### 4. Socruithe Measúnuithe agus Scrúduithe Foirmiúla

Bíonn scrúduithe ar siúl san Ollscoil de ghnáth ag na hamanna seo a leanas

- Deireadh Sheimeastar 1
- Deireadh an Dara Seimeastair
- Athscrúduithe (Seimeastar 1 agus 2) (Lúnasa).

Má theastaíonn scrúduithe taobh amuigh de na hamanna seo caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil.

Beidh athscrúduithe ar siúl do gach clár agus modúl mura mbeidh cead faighte roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil.

Féadfar modúil a mheas trí scrúduithe foirmiúla, measúnuithe, tionscadail, aistí, páipéir, tuairiscí, cur i láthair & díospóireachtaí, ceachtanna, obair sa tsaotharlann nó obair allamuigh, nó foghlaim eile ó thaithí.

Sa chás gur scrúdú i bhfoirm **páipéar scrúdaithe foirmiúil** a bhíonn le déanamh don mhodúl agus go mbeidh sé riartha ag Oifig na Scrúduithe agus le cur ar an amchlár go lárnach, mairfidh an scrúdú **dhá uair an chloig** de ghnáth. Sa chás go bhfuil ualú níos mó ná 5 ECTS ag modúl, féadfar roinnt páipéar dhá uair an chloig a chur isteach sa scrúdú foirmiúil nó páipéar amháin dhá uair an chloig agus modhanna measúnaithe eile (e.g. d'fhéadfadh dhá scrúdú dhá uair an chloig a bheith mar chuid de mhodúl 10 gcreidiúint a mhaireann ar feadh na bliana). I gcásanna eisceachtúla, má éilíonn cúiseanna measúnuithe acadúla níos daingne scrúduithe níos faide, d'fhéadfaí scrúduithe 3 huair an chloig (nó níos faide) a reáchtáil. Caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil sula gceadófar é seo.

#### 5. Pas agus Dul ar Aghaidh

Is é an Bord Scrúdaithe an t-údarás foirmiúil scrúduithe do gach Coláiste agus do gach seisiún scrúduithe. Is é an Déan a bhíonn ina C(h)athaoirleach agus bíonn comhaltaí acadúla an Choláiste agus scrúdaitheoirí seachtracha ó na disciplíní éagsúla nó ó na Coláistí atá freagrach as cláir idir Coláistí ar an mBord. Caithfidh cinntí a bheith faofa ag an mBord Scrúdaithe chun aitheantas foirmiúil a fháil mar thorthaí oifigiúla scrúduithe Ollscoile – maidir le Pas, Dul ar Aghaidh, Onóracha agus ligean do mhac léinn scrúdú a chur siar.

Tionólfar Bord Scrúduithe ag deireadh tréimhse, Seimeastar 2 de ghnáth, agus tar éis na n-athscrúduithe i mí Lúnasa. Cinnfidh an Bord Scrúdaithe an toradh foriomlán agus déanfaidh sé iarratas ar fhorálacha cúitimh.

##### 5.1. Dul ar aghaidh

Eagraítear cláir fochéime san Ollscoil in dhá **Thréimhse** de ghnáth. **Ní mór do mhic léinn gach tréimhse a thabhairt chun críche go rathúil sula dtugann siad faoin gcéad tréimhse eile.** Ar bhonn bliain acadúil a eagrófar Cláir Fochéime Lánaimseartha, áit a sheasann gach bliain do Thréimhse shonrach. Beidh ar mhic léinn fochéime lánaimseartha clárú agus dul faoi scrúdú do shraith modúl arb ionann iad agus ualach creidmheasa 60 ECTS ar an iomlán, de réir struchtúir agus rialacháin an chláir atá leagtha amach i **Sonraíochtaí agus Rialacháin Cláir** an Choláiste dá gclár léinn roghnaithe. Féadfaidh mic léinn **pháirtaimseartha** tréimhse a thabhairt i gcrích thar chúpla bliain agus na creidiúintí a bhailiú do gach tréimhse i struchtúr creidiúintí atá níos solúbtha.

## **5.2. Pas**

**40% an marc pas ar gach modúl.** Sa chás go bhfuil measúnuithe éagsúla le déanamh (obair chúrsa, obair shaotharlainne, measúnú leanúnach, measúnú deiridh, etc.) sa mhodúl chun an grád deiridh a bhaint amach **ní gá pas a bhaint amach in gach ceann de na measúnuithe seo de ghnáth.** Ní thabharfar ach marc foriomlán don mhodúl ar ais don mhac léinn. Ní thabharfar marcanna do gach measúnú mar chuid de mhodúl.

**Caithfear marc ‘Neamhiomlán’ a thabhairt d’Oifig na Scrúduithe má bhíonn riachtanas ann go gcaithfear gné(íthe) de mhodúl a phasáil agus nach bhfuil an ghné/na gnéithe sin pasáilte. Caithfidh mac léinn gach gné de mhodúl neamhiomlán a dhéanamh arís** mura bhfuil sé sna rialacháin ag an gColáiste cuí go mbeadh mic léinn díolmhaithe ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh arís.

Ba chóir go mbeadh forálacha ag leibhéal an Choláiste mar a chéile do gach clár agus gach modúl sa Choláiste.

## **5.3. Marcanna a Thabhairt ar Aghaidh**

Gheobhaidh mac léinn creidiúint as modúil a pasáladh agus ní bheidh air/uirthi aon scrúdú a athshuí má baineadh 40% ar a laghad amach sa mhodúl taobh istigh den teorainn ama a leagadh amach sna rialacháin maidir le tréimhse áirithe a chríochnú go rathúil. Is é 2 bhliain acadúla an ghnáth-theorainn ama maidir le marcanna a thabhairt ar aghaidh chuig seisiún scrúdaithe. Féadfaidh Coláiste teorainn ama eile a leagan síos seachas an ceann seo ach faomhadh an Choiste um Rialacháin Acadúla a fháil.

## **5.4. Ábhar le Meas san Athscrúdú**

Ní féidir marcanna as measúnuithe an mhodúil (i.e. gnéithe measúnaithe fo-mhodúil) a rinneadh cheana a thabhairt ar aghaidh don chéad bhabhta eile mura mbeidh foráil déanta ag an gColáiste díolúine a thabhairt do mhac léinn ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh ar chúiseanna acadúla.

## **5.5. Foráil do Chúiteamh**

Ní chuirfear cúiteamh i bhfeidhm ach i gcásanna ina gceadófar don mhac léinn pas a fháil i Scrúdú ar an iomlán.

40% an marc pas ar gach modúl. Measfar, áfach, go bhfuil pas bainte amach ag mac léinn i dTréimhse a bhfuil níos lú ná 40% aige/aici i modúl amháin nó níos mó más rud é

- gurb é 40% ar a laghad an marc comhiomlán do gach modúl den Tréimhse
- gurb é 35% nó os a chionn an marc i ngach modúl
- an modúl/na modúil nach bhfuil na marcanna sa réimse 35-39% san iomlán ag 15 ECTS nó níos lú

Má dhéantar marcanna a thabhairt ar aghaidh chuig seisiún scrúduithe ar leith ní dhéantar neamhbhailí an cumas le cúiteamh a chur i bhfeidhm sa seisiún sin.

Nuair atá pas bainte amach i modúl le cúiteamh, beidh marc an mhodúil le feiceáil ar na tras-scríbhinní agus Pas le Cúiteamh mar ghrád.

I roinnt clár, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cead Cúiteamh a thabhairt i gcoimhdeáil nó i modúil éigeantacha nó grúpaí modúl, mar dá ndéanfaí a leithéid d'fhéadfaí an bonn a bhaint de thorthaí foghlama na Tréimhse nó an Chláir. Beidh na rialacháin shonracha seo leagtha amach i Sonraíochtaí agus Rialacháin Cláir an Choláiste do na cláir léinn chuí.

## **5.6 Marcanna Scrúdaithe a Uasteorannú**

Le héifeacht ón mbliain acadúil 2015/16 is é pasmharc an mhodúil, viz 40%, an tuasmharc is féidir a bhronnadh nuair a bheidh modúl á athscrúdú.

Tá dhá eisceacht air seo:

- a) Ní bheidh uasteorannú i bhfeidhm sa chéad bhliain ar fhochéimeanna.
- b) I gcás roinnt de na modúil ar an MB, BCh, cláir BAO agus BSc (Teiripe Saothair, Cosliacht, Teiripe Teanga agus Urlabhra), is é an marc is airde a bhronnfar ná 50%, is é sin an marc chun pas a fháil sna modúil ar na cláir sin.

## **5.7 Socruithe maidir le hUasteorannú a chur i bhfeidhm**

Beidh uasteorannú i bhfeidhm do gach clár fochéime mar seo a leanas:

- 1. An bhliain acadúil 2015-16:**
  - Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn sa chéad bhliain ná sa bhliain deiridh.
  - Baineann uasteorannú le mic léinn i ngach bliain eile de chlár fochéime, i.e. ón dara bliain go dtí an bhliain roimh bhliain na céime.
- 2. An bhliain acadúil 2016-17:**

- Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn sa chéad bhliain.
- Baineann uasteorannú le mic léinn i ngach bliain eile de chlár fochéime, i.e. ón dara bliain go dtí bliain na céime.
- Tá feidhm ag uasteorannú i leith mac léinn atá ag athdhéanamh aon Tréimhse de chlár ón dara bliain go dtí an bhliain deiridh, beag beann ar an uair a rinneadh an chéad iarracht ar an Tréimhse sin.
- Ní bheidh uasteorannú i bhfeidhm i gcás mic léinn a bhí ar ERASMUS, ar bhliain thar lear nó ar chlár acadúil eile faofa ag an gColáiste in 2015-16 agus atá sa bhliain deiridh anois.
- Tá feidhm ag uasteorannú i leith mac léinn atá sa bhliain deiridh in 2016-17 agus ar ghlac siad saoire neamhláithreachta le linn na bliana acadúla 2015-16, bíodh an tsaoire sin faofa ag an Ollscoil nó ná bíodh.

### **3. Bliain Acadúil 2017-18 agus ina dhiaidh sin:**

- Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn sa chéad bhliain.
- Baineann uasteorannú le mic léinn i ngach bliain eile de chlár fochéime, i.e. ón dara bliain go dtí an bhliain roimh bhliain na céime. Mic léinn atá ag athdhéanamh bliana nó ag filleadh ar an staidéar san áireamh.

Cuirfear uasteorannú i bhfeidhm i ngach cás, mar atá leagtha amach thuas, mura bhfuil cead faighte an scrúdú a chur siar, féach Cuid 7 den cháipéis seo maidir le Nósanna Imeachta na hOllscoile i leith Scrúdú a Chur Siar.

## **6. Onóracha a Bhronnadh**

Bronntar onóracha de réir na scéime seo a leanas, do gach tréimhse chríochnaithe de staidéar; is é sin, do gach bliain acadúil chríochnaithe do mhic léinn fochéime lánaimseartha.

### **6.1. Onóracha a Bhronnadh ag Leibhéal Céime**

Ag leibhéal céime, ríomhtar onóracha de bhun 30% den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse leathdeiridh móide 70% den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse deiridh. Beidh an caighdeán bunaithe ar an tábla seo a leanas:

H1	comhiomlán 70%
H2.1	comhiomlán 60%
H2.2	comhiomlán 50%
H3	comhiomlán 40%

\* Is féidir bliain eile, seachas an bhliain réamhdheiridh, a ainmniú do chúiseanna bailí acadúla le faomhadh Choiste na Rialachán Acadúil.

### **6.2. Scrúdú roimh an Tréimhse Dheiridh**

Áireofar onóracha bunaithe ar an tábla seo a leanas:



H1 comhiomlán 70% H2.1  
comhiomlán 60%  
H2.2 comhiomlán 50%

Nóta (1): Nuair atá modúl ar fáil ag leibhéal pas agus onóracha, bainfear leas as scála chun marcanna a fhaightear ag an leibhéal pas a aistriú chuig an marc combhionann ag leibhéal onóracha ar mhaithe le honóracha a ríomh.

Nóta (2): Bronntar onóracha ar an gcaoi a n-éiríonn leis an mac léinn ar an iomlán sa Scrúdú ina iomláine. Ní bhronntar onóracha ar na torthaí a fhaightear i modúil ar leith.

Nóta (3): Tabharfar grád neodrach do chreidiúint a bhronntar ar réamhfhoghlaim nó ar Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) agus ní chuirfear san áireamh é agus onóracha á ríomh.

## 7. Modúl a chur siar

Caithfear iarratas a dhéanamh ar chead modú(i)l a chur siar go dtí seisiún scrúdaithe eile de réir Nósanna Imeachta na hOllscoile atá i bhfeidhm maidir le Scrúdú a Chur Siar, mar atá leagtha amach i dTreoirínte do mhic léinn maidir le scrúduithe a chur siar:

<https://www.nuigalway.ie/media/registry/exams/QA234---Deferral-of-Examinations---A-guide-for-students.pdf>

## 8. Athscríbhinní

Beidh sonraí maidir le gach modúl a bhfuil marc faighte ina leith le feiceáil ar thrasscríbhinní na mac léinn. Beidh Caighdeán Onóracha na Céime a thuairisceofar bunaithe ar na bandaí gráid ag 6 thuas. Is iad seo a leanas na nótaí eile a bheidh le feiceáil:

- Díolúinte
- As láthair
- Pas trí Chúiteamh
- Curtha siar
- Neamhiomlán
- Iniúchadh

## 9. Déileáil le hEisceachtaí nó Athruithe

Ní ghlacfar le haon athruithe ar na rialacháin seo ach i gcásanna eisceachtúla amháin. Is éard is **athrú struchtúrtha** ann athrú suntasach buan ar na rialacháin seo a d'fhéadfaí a cheadú do chlár amháin nó níos mó. Sa chás go dteastaíonn **athrú struchtúrtha** chun

críche acadúla, caithfear iarratas a dhéanamh ar Choiste na Rialachán Acadúil de chuid Choiste Seasta na Comhairle Acadúla, agus déanfaidh an Coiste sin moladh do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla maidir leis na hiarratais a fhaightear. Is éard is lámhaltas ann an Coiste Seasta ag tabhairt cead sonracha, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil, clár staidéir a athrú ó na rialacháin atá leagtha síos. D'fhéadfadh **lámhaltas** a bheith ag teastáil ó thráth go chéile agus is faoi Choiste Seasta na Comhairle Acadúla cinneadh a dhéanamh ina leith, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil.

## Marcanna & Caighdeán do gach Scrúdú Fochéime Páirtaimseartha (seachas cláir 'leanúnacha')

**Stádas na cáipéise: Faofa 27/03/2012. Leasuithe a d'aontaigh an Coiste Seasta an 13/08/2015 cuimsithe.**

### 1. Réamhrá

Baineann na rialacháin ghinearálta seo le gach clár fochéime páirtaimseartha san Ollscoil. **Caithfidh** gach clár fochéime **cloí** leis na rialúcháin seo mura dtagann siad faoi mhír 9 thíos. Caithfidh mic léinn aird a thabhairt ar rialacháin agus ar riachtanais chláir chéime an Choláiste.

Tá na rialúcháin seo faofa ag Comhairle Acadúil na hOllscoile agus rialaithe agus leasaithe ag Coiste Seasta na Comhairle Acadúla, i ndiaidh dóibh a bheith réamh-mheasta ag Coiste na Rialachán Acadúil. Tá an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid (Cathaoirleach), Déin na gColáistí agus ionadaí eile ó gach Coláiste agus ionadaíocht ón bhfoireann acadúil ar Choiste na Rialachán Acadúil. Beidh foireann riaracháin chúil i láthair ag cruinnithe an Choiste. Tuairisceoidh an Coiste do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla.

### 2. Curaclaim na gClár Céime

Tá dámhachtainí agus cláir fochéime na hOllscoile eagraithe de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS). Tá na **Cláir** roinnte ina n-aonaid staidéir ar a dtugtar **Modúil**. Is aonaid teagaisc agus foghlama gach Modúl a chuirtear ar fáil go foirmiúil san Ollscoil agus a bhfuil creidiúint ag dul leis a chuirtear in iúl i bhfoirm pointí creidiúna de réir ECTS.

Beidh luach creidiúna comhiomlán leagtha síos do chlár de réir an Leibhéil Staidéir atá socraithe i gCreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí in Éirinn, FETAC. Tagann cláir fochéime pháirtaimseartha le Leibhéal 8 den Chreatoibre agus tá ceithre bliana acadúla staidéir i gceist leo. Beidh ualach modúil arb ionann a chomhluach creidmheasa agus 45 ECTS i gceist do bhliain acadúil ar chúrsa fochéime páirtaimseartha.

Go hiondúil eagraítear cláir fochéime pháirtaimseartha san Ollscoil i **dTréimhsí** roinnte ag bliain acadúil staidéir. Beidh Torthaí Foghlama ar leith leagtha amach do gach Tréimhse nó Bliain (nó bliain cláir) agus bainfidh comhluach creidmheasa 45 ECTS leis an Tréimhse nó Bliain sin. Chun aon Tréimhse (nó Bliain Cláir) a chur i gcrích, caithfidh mic léinn pháirtaimseartha an caighdeán cuí creidiúna comhiomlán, 45 ECTS, a thabhairt chun críche go rathúil. Beifear ag súil go dtabharfaidh mic léinn **pháirtaimseartha** tréimhse laistigh de bhliain acadúil chun críche. **Ní mór do mhic**

**léinn gach tréimhse a thabhairt chun críche go rathúil sula dtugann siad faoin gcéad tréimhse eile.**

### **3. Cur Síos agus Ualú na Modúl**

Beidh sraith Modúl i ngach clár a chuireann an Ollscoil ar fáil agus is ionann gach modúl agus aonad teagaisc agus foghlama le **Torthaí Foghlama** leagtha síos dóibh, agus beidh creidiúint ag dul leo a chuirfear in iúl mar líon pointí creidiúna de réir an Chórais Eorpach Aistrithe Creidiúna. Beidh an **Cur Síos ar Mhodúil** sonraithe i **Stór na Modúl** (nó córas lárnach chun Modúil a bhainistiú) agus beidh sé leagtha amach sna **Sonraíochtaí agus sna Rialacháin** do gach clár sa Choláiste.

**Beidh ualú creidiúnaithe 5 ECTS ag dul le modúil aonair, nó féadfar an t-ualú a mhéadú faoi 5 ECTS más rud é go n-éilíonn dea-chleachtas acadúil aonaid staidéir níos leithne.**

Bronnfar creidmheas ar mhic léinn a bhaineann 40% amach i modúl (féach ar na forálacha a bhaineann le cúiteamh ag 5.5 thíos).

### **4. Socruithe maidir le Measúnú agus Scrúdú Foirmiúil**

Bíonn scrúduithe ar siúl san Ollscoil de ghnáth ag na hamanna seo a leanas

- Deireadh Sheimeastar 1
- Deireadh Sheimeastar 2
- Athscrúduithe (Seimeastar 1 agus 2) (Lúnasa).

Má theastaíonn scrúduithe taobh amuigh de na hamanna seo caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil.

Beidh athscrúduithe ar siúl do gach clár agus modúl mura mbeidh cead faighte roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil.

Féadfar modúil a mheas trí scrúduithe foirmiúla, measúnuithe, tionscadail, aistí, páipéir, tuairiscí, cur i láthair & díospóireachtaí, ceachtanna, obair sa tsaotharlann nó obair allamuigh, nó foghlaim eile ó thaithí.

Sa chás gur scrúdú i bhfoirm **páipéar scrúdaithe foirmiúil** a bhíonn le déanamh don mhodúl agus go mbeidh sé riartha ag Oifig na Scrúduithe agus le cur ar an amchlár go lárnach, mairfidh an scrúdú **dhá uair an chloig** de ghnáth. Sa chás go bhfuil ualú níos mó ná 5 ECTS ag modúl, féadfar roinnt páipéar dhá uair an chloig a chur isteach sa scrúdú foirmiúil nó páipéar amháin dhá uair an chloig agus modhanna measúnaithe eile (e.g. d'fhéadfadh dhá scrúdú dhá uair an chloig a bheith mar chuid de mhodúl 10 gcreidiúint a mhaireann ar feadh na bliana). I gcásanna eisceachtúla, má éilíonn cúiseanna measúnuithe acadúla níos daingne scrúduithe níos faide, d'fhéadfaí scrúduithe 3 huair an chloig (nó níos faide) a réachtáil. Caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil sula gceadófar é seo

### **5. Pas agus Dul ar Aghaidh**

Is é an Bord Scrúdaithe an t-údarás foirmiúil scrúduithe do gach Coláiste agus do gach seisiún scrúduithe. Is é an Déan a bhíonn ina C(h)athaoirleach agus bíonn comhaltaí acadúla an Choláiste agus scrúdaitheoirí seachtracha ó na disciplíní éagsúla nó ó na Coláistí atá freagrach as cláir idir Coláistí a bhíonn ar an mBord. Caithfidh cinntí a bheith faofa ag an mBord Scrúdaithe chun aitheantas foirmiúil a fháil mar thorthaí oifigiúla scrúduithe Ollscoile – maidir le Pas, Dul ar Aghaidh, Onóracha agus ligean do mhac léinn scrúdú a chur siar.

Tionólfar Bord Scrúduithe ag deireadh tréimhse, Seimeastar 2 de ghnáth, agus tar éis na n-athscrúduithe i mí Lúnasa. Cinnfidh an Bord Scrúdaithe an toradh foriomlán agus déanfaidh sé iarratas ar fhorálacha cúitimh.

### 5.1. Dul ar aghaidh

Eagraítear cláir fochéime san Ollscoil in dhá **Thréimhse** de ghnáth. **Ní mór do mhic léinn gach tréimhse a thabhairt chun críche go rathúil sula dtugann siad faoin gcéad tréimhse eile.** Ar bhonn bliain acadúil a eagrófar Cláir Fochéime Pháirtaimseartha, áit a seasann gach bliain do Thréimhse shonrach. Beidh ar mhic léinn fochéime pháirtaimseartha clárú agus dul faoi scrúdú do shraith modúl arb ionann iad agus ualach creidmheasa 45 ECTS ar an iomlán, de réir struchtúir agus rialacháin an chláir atá leagtha amach i **Sonraíochtaí agus Rialacháin Cláir** an Choláiste dá gclár léinn roghnaithe.

### 5.2. Pas

**40% an marc pas ar gach modúl.** Sa chás go bhfuil measúnuithe éagsúla le déanamh (obair chúrsa, obair shaotharlainne, measúnú leanúnach, measúnú deiridh, etc.) sa mhodúl chun an grád deiridh a bhaint amach **ní gá** pas a bhaint amach in gach ceann de na measúnuithe seo de ghnáth. Ní thabharfar ach marc foriomlán don mhodúl ar ais don mhac léinn. Ní thabharfar marcanna do gach measúnú mar chuid de mhodúl.

**Caithfear marc ‘Neamhiomlán’ a thabhairt d’Oifig na Scrúduithe má bhíonn riachtanas ann go gcaithfear gné(íthe) de mhodúl a phasáil agus nach bhfuil an ghné/na gnéithe sin pasáilte. Caithfidh mac léinn gach gné de mhodúl neamhiomlán a dhéanamh arís** mura bhfuil sé sna rialacháin ag an gColáiste cuí go mbeadh mic léinn díolmhaithe ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh arís.

Ba chóir go mbeadh forálacha ag leibhéal an Choláiste mar a chéile do gach clár agus gach modúl sa Choláiste.

### 5.3. Marcanna a Thabhairt ar Aghaidh

Gheobhaidh mac léinn creidiúint as modúil a pasáladh agus ní bheidh air/uirthi aon scrúdú a athshuí má baineadh 40% amach sa mhodúl taobh istigh den teorainn ama a leagadh amach sna rialacháin maidir le tréimhse áirithe a chríochnú go rathúil. Féadfaidh Coláiste teorainn ama a leagan síos ach faomhadh an Choiste Rialachán Acadúil a fháil.

## 5.4. Ábhar le Meas san Athscrúdú

Ní féidir marcanna as measúnuithe an mhodúil (i.e. sub-module assessment elements) a rinneadh cheana a thabhairt ar aghaidh don chéad bhabhta eile mura mbeidh foráil déanta ag an gColáiste díolúine a thabhairt do mhac léinn ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh ar chúiseanna acadúla.

## 5.5. Foráil do Chúiteamh

Ní chuirfear cúiteamh i bhfeidhm ach i gcásanna ina cheadófar don mhac léinn pas a fháil i Scrúdú ar an iomlán.

40% an marc pas ar gach modúl. Measfar, áfach, go bhfuil pas bainte amach ag mac léinn i dTréimhse a bhfuil níos lú ná 40% aige/aici i modúl amháin nó níos mó más rud é

- gurb é 40% ar a laghad an marc comhiomlán do gach modúl den Tréimhse
- gurb é 35% nó os a chionn an marc i ngach modúl
- gurb ionann 10 ECTS nó níos lú an/na modú(i)l le marcanna sa réimse 3539%

Má dhéantar marcanna a thabhairt ar aghaidh chuig seisiún scrúduithe ar leith ní dhéantar neamhbhailí an cumas le cúiteamh a chur i bhfeidhm sa seisiún sin.

Nuair atá pas bainte amach i modúl le cúiteamh, beidh marc an mhodúil le feiceáil ar na tras-scríbhinní agus Pas le Cúiteamh mar ghrád.

I roinnt clár, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cead Cúiteamh a thabhairt i gcróimhodúil nó i modúil éigeantacha nó grúpaí modúl, mar dá ndéanfaí a leithéid d'fhéadfaí an bonn a bhaint de thorthaí foghlama na Tréimhse nó an Chláir. Beidh na rialacháin shonracha seo leagtha amach i Sonraíochtaí agus Rialacháin Cláir an Choláiste do na cláir léinn chuí.

## 5.6 Marcanna Scrúdaithe a Uasteorannú

Le héifeacht ón mbliain acadúil 2015/16 is é pasmharc an mhodúil, is é sin 40%, an tuasmharc is féidir a bhronnadh nuair a bheidh modúl á athscrúdú.

Baineann eisceacht amháin le fochéimeanna páirtaimseartha:

- a) ní bheidh uasteorannú i bhfeidhm don chéad bhliain de chláir fochéime.

## 5.7 Socruithe maidir le hUasteorannú a chur i bhfeidhm

Cuirfear uasteorannú i bhfeidhm ar bhlianta fochéime clár mar seo a leanas:

## 1. An bhliain acadúil 2015-16:

- Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn sa chéad bhliain ná sa bhliain deiridh.
- Baineann uasteorannú le mic léinn i ngach bliain eile de chlár fochéime, i.e. ón dara bliain go dtí an bhliain roimh bhliain na céime.

## 2. An bhliain acadúil 2016-17:

- Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn sa chéad bhliain.
- Baineann uasteorannú le mic léinn i ngach bliain eile de chlár fochéime, i.e. ón dara bliain go dtí bliain na céime.
- Tá feidhm ag uasteorannú i leith mac léinn atá ag athdhéanamh aon Tréimhse de chlár ón dara bliain go dtí an bhliain deiridh, beag beann ar an uair a rinneadh an chéad iarracht ar an Tréimhse sin.
- Tá feidhm ag uasteorannú i leith mac léinn atá sa bhliain deiridh in 2016-17 agus ar ghlac siad saoire neamhláithreachta le linn na bliana acadúla 2015-16, bíodh an tsaoire sin faofa ag an Ollscoil nó ná bíodh.

Cuirfear uasteorannú i bhfeidhm i ngach cás, mar atá leagtha amach thuas, mura bhfuil cead faighte an scrúdú a chur siar, féach Cuid 7 den cháipéis seo maidir le Nósanna Imeachta na hOllscoile i leith Scrúdú a Chur Siar.

## 6. Onóracha a Bhronnadh

Bronntar onóracha de réir na scéime seo a leanas, do gach tréimhse chríochnaithe de staidéar; is é sin, do gach bliain acadúil chríochnaithe do mhic léinn fochéime pháirtaimseartha.

Tabharfar grád neodrach do chreidiúint a bhronntar ar réamhfhoghlaim nó ar Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) agus ní chuirfear san áireamh é agus onóracha á ríomh.

### 6.1. Onóracha a Bhronnadh ag Leibhéal Céime

Ag leibhéal céime, ríomhtar onóracha de bhun 30% den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse réamhdheiridh móide 70% den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse deiridh. Beidh an caighdeán bunaithe ar an tábla seo a leanas:

H1	comhiomlán 70%	H2.1
	comhiomlán 60%	
H2.2	comhiomlán 50%	
H3	comhiomlán 40%	

\* Is féidir bliain eile, seachas an bhliain réamhdheiridh, a ainmniú do chúiseanna bailí acadúla le faomhadh Choiste na Rialachán Acadúil.

## 6.2. Scrúdú roimh an Tréimhse Dheiridh

Áireofar onóracha bunaithe ar an tábla seo a leanas:

H1 comhiomlán 70% H2.1  
comhiomlán 60%  
H2.2 comhiomlán 50%

Nóta (1): Nuair atá modúl ar fáil ag leibhéal pas agus onóracha, bainfear leas as scála chun marcanna a fhaightear ag an leibhéal pas a aistriú chuig an marc comhionann ag leibhéal onóracha ar mhaithe le honóracha a ríomh.

Nóta (2): Bronntar onóracha ar an gcaoi a n-éiríonn leis an mac léinn ar an iomlán sa Scrúdú ina iomláine. Ní bhronntar onóracha ar na torthaí a fhaightear i modúil ar leith.

## 7. Modúl a chur siar

Caithfear iarratas a dhéanamh ar chead modú(i)l a chur siar go dtí seisiún scrúdaithe eile de réir Nósanna Imeachta na hOllscoile maidir le Scrúdú a Chur Siar, mar atá leagtha amach i dTreoirlínte do mhic léinn maidir le scrúduithe a chur siar:

<https://www.nuigalway.ie/media/registry/exams/QA234---Deferral-of-Examinations---A-guide-for-students.pdf>

## 8. Athscríbhinní

Beidh sonraí maidir le gach modúl a bhfuil marc faighte ina leith le feiceáil ar thrasscríbhinní na mac léinn. Beidh Caighdeán Onóracha na Céime a thuairisceofar bunaithe ar na bandaí gráid ag 6 thuas. Is iad seo a leanas na nótaí eile a bheidh le feiceáil:

- Díolúinte
- As láthair
- Pas trí Chúiteamh
- Curtha siar
- Neamhiomlán
- Iniúchadh

## 9. Déileáil le hEisceachtaí nó Athruithe

Ní ghlacfar le haon athruithe ar na rialacháin seo ach i gcásanna eisceachtúla amháin. Is éard is **athrú struchtúrtha** ann athrú suntasach buan ar na rialacháin seo a d'fhéadfaí a cheadú do chlár amháin nó níos mó. Sa chás go dteastaíonn **athrú struchtúrtha** chun críche acadúla, caithfear iarratas a dhéanamh ar Choiste na Rialachán Acadúil de chuid Choiste Seasta na Comhairle Acadúla, agus déanfaidh an Coiste sin moladh do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla maidir leis na hiarratais a fhaightear. Is éard is lamháltas



ann an Coiste Seasta ag tabhairt cead sonracha, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil, clár staidéir a athrú ó na rialacháin atá leagtha síos. D'fhéadfadh **lambháltas** a bheith ag teastáil ó thráth go chéile agus is faoi Choiste Seasta na Comhairle Acadúla cinneadh a dhéanamh ina leith, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil.

## Marcanna & Caighdeán do gach Scrúdú Diplóma Fochéime

**Stádas an Doiciméid: Ceadaithe 2012. Cuimsítear na leasaithe a d'aontaigh an Coiste Seasta an 13/08/2015.**

### 1. Réamhrá

Baineann na rialacháin ghinearálta seo le gach clár diplóma fochéime san Ollscoil. **Caithfidh** gach clár diplóma fochéime **cloí** leis na rialúcháin seo mura dtagann siad faoi mhír 9 thíos. Caithfidh mic léinn aird ar leith a thabhairt ar rialacháin agus ar riachtanais chláir diplóma an Choláiste.

Tá na rialúcháin seo faofa ag Comhairle Acadúil na hOllscoile agus rialaithe agus leasaithe ag Coiste Seasta na Comhairle Acadúla, i ndiaidh dóibh a bheith réamhmheasta ag Coiste na Rialachán Acadúil. Beidh an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid (Cathaoirleach), Déin na gColáistí agus ionadaí eile ó gach Coláiste agus an Stiúrthóir Oideachais Aosaigh ar Choiste na Rialachán Acadúil. Beidh foireann riaracháin chúil i láthair ag cruinnithe an Choiste. Tuairisceoidh an Coiste do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla.

### 2. Curaclaim na gClár Diplóma

Tá dámhachtainí agus cláir diplóma na hOllscoile eagraithe de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS). Tá na **Cláir** roinnte ina n-aonaid staidéir ar a dtugtar **Modúil**. Is aonad teagaisc agus foghlama gach Modúil a chuirtear ar fáil go foirmiúil san Ollscoil agus a bhfuil creidiúint ag dul leis a chuirtear in iúl i bhfoirm pointí creidiúna de réir ECTS.

Eagraítear cláir diplóma fochéime san Ollscoil i **dTréimhse** amháin nó dhó arna roinnt ag Bliain Acadúil léinn. Beidh Torthaí Foghlama ar leith leagtha amach do gach Tréimhse (nó bliain cláir) agus bainfidh comhluach creidmheasa leis an Tréimhse nó leis an mBliain sin. Chun aon Tréimhse (nó Bliain Cláir) a chur i gcrích, caithfidh mic léinn an caighdeán cuí creidiúna comhiomlán a thabhairt chun críche go rathúil. **Ní mór do mhic léinn gach tréimhse a thabhairt chun críche go rathúil sula dtugann siad faoin gcéad tréimhse eile.**

### 3. Sonraíochtaí agus Ualú na Modúl

Beidh sraith Modúl i ngach clár a chuireann an Ollscoil ar fáil agus is ionann gach modúl agus aonad teagaisc agus foghlama le **Torthaí Foghlama** leagtha síos dóibh, agus beidh creidiúint ag dul leo a chuirfear in iúl mar líon pointí creidiúna de réir an Chórais Eorpach Aistrithe Creidiúna. Beidh **Sonraíochtaí Modúil** sonraithe i **dTaisce Modúl** lárnach (nó córas “Bainisteoir Modúl”) na hOllscoile agus beidh sé leagtha amach sna **Sonraíochtaí agus sna Rialacháin** do gach clár sa Choláiste.

**Beidh ualú creidiúnaithe 5 ECTS ag dul le modúil aonair, nó féadfar iad a thabhairt ina n-íolraithe slána 5 ECTS sa chás go n-éilítear aonaid léinn níos mó de réir dea-chleachtais acadúil.**

Dámhtar creidmheas ar mhic léinn a ghnóthaíonn 40% i modúl.

#### **4. Socruithe maidir le Measúnú agus Scrúdú Foirmiúil**

Is iad gnáth-thréimhsí scrúdaithe na hOllscoile

- Deireadh Sheimeastar 1
- Deireadh Sheimeastar 2
- Athscrúduithe (Seimeastar 1 agus 2) (Lúnasa).

Ní mór faomhadh a fháil ón gCoiste um Rialacháin Acadúla roimh ré chun scrúduithe a reáchtáil lasmuigh de na tréimhsí sin i gcás scrúduithe a gcuireann an Oifig Scrúduithe tacaíocht ar fáil dóibh.

Reáchtálfar athscrúduithe do gach clár agus modúl ach amháin má fhaightear faomhadh an Choiste um Rialacháin Acadúla roimh ré. Ní gá gurb ionann leagan amach an athscrúdaithe i modúl agus leagan amach an chéad scrúdaithe agus is iad boird na gclár faoi leith a dhéanfaidh an cinneadh sin.

Féadfar modúil a mheas le meascán ar bith de scrúduithe foirmiúla, measúnuithe, tionscadail, aistí, páipéir, tuairiscí, cuir i láthair & díospóireachtaí, ceachtanna, obair shaotharlainne nó obair allamuigh, nó foghlaim eile ó thaithí.

Sa chás gur scrúdú i bhfoirm **páipéar scrúdaithe foirmiúil** a bhíonn le déanamh don mhodúl agus go mbeidh sé riartha ag Oifig na Scrúduithe agus le cur ar an amchlár go lárnach, mairfidh an scrúdú **dhá uair an chloig** de ghnáth. Sa chás go bhfuil ualú níos mó ná 5 ECTS ag modúl, féadfar roinnt páipéar dhá uair an chloig a chur isteach sa scrúdú foirmiúil nó páipéar amháin dhá uair an chloig agus modhanna measúnaithe eile (e.g. d'fhéadfadh dhá scrúdú dhá uair an chloig a bheith mar chuid de mhodúl 10 gcreidiúint a mhaireann ar feadh na bliana). I gcásanna eisceachtúla, má éilíonn cúiseanna measúnuithe acadúla níos daingne scrúduithe níos faide, d'fhéadfaí scrúduithe 3 huair an chloig (nó níos faide) a reáchtáil. Caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil sula gceadófar é seo.

#### **5. Pas agus Dul ar Aghaidh**

Is é an Bord Scrúdaithe an t-údarás foirmiúil scrúduithe do gach Coláiste agus do gach seisiún scrúduithe. Is é an Déan a bhíonn ina C(h)athaoirleach agus bíonn comhaltaí acadúla an Choláiste agus scrúdaitheoirí seachtracha ó na disciplíní éagsúla nó ó na Coláistí atá freagrach as cláir idir Coláistí ar an mBord. Ní thabharfar aitheantas foirmiúil mar thorthaí oifigiúla scrúduithe Ollscoile ach do na cinntí a bheidh faofa ag an mBord Scrúdaithe maidir le Pas, Dul ar Aghaidh agus ligean do mhac léinn scrúdú a chur siar.

Tionólfar Bord Scrúduithe ag deireadh tréimhse, Seimeastar 2 de ghnáth, agus tar éis na n-athscrúduithe i mí Lúnasa. An Bord Scrúduithe a chinnfidh an toradh iomlán.

### **5.1. Dul ar aghaidh**

Eagraítear cláir dioplóma san Ollscoil in dhá **Thréimhse** de ghnáth. **I gcás go mbíonn dhá thréimhse ag clár, ní mór do mhac léinn an chéad tréimhse a thabhairt chun críche go rathúil sula dtabharfaidh siad faoin dara tréimhse.** Leagfar Cláir Dioplóma Fochéime amach de réir bliana acadúla.

### **5.2. Pas**

**40% an pasmharc a bhaineann le gach modúl.** Sa chás go bhfuil measúnuithe éagsúla le déanamh (obair chúrsa, obair shaotharlainne, measúnú leanúnach, measúnú deiridh, etc.) sa mhodúl chun an grád deiridh a bhaint amach **ní gá** pas a bhaint amach in gach ceann de na measúnuithe seo de ghnáth. Ní thabharfar ach marc iomlán don mhodúl ar ais don mhac léinn. Ní thabharfar marcanna do gach measúnú mar chuid de mhodúl.

**Caithfear marc ‘Neamhiomlán’ a thabhairt d'Oifig na Scrúduithe má bhíonn riachtanas ann go gcaithfear gné(ithe) de mhodúl a phasáil agus nach bhfuil an ghné/na gnéithe sin pasáilte. Caithfidh mac léinn gach gné de mhodúl neamhiomlán a dhéanamh arís** mura bhfuil sé sna rialacháin ag an gColáiste cuí go mbeadh mic léinn díolmhaithe ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh arís.

Ba chóir go mbeadh forálacha ag leibhéal an Choláiste mar a chéile do gach clár agus gach modúl sa Choláiste.

### **5.3. Marcanna a Thabhairt ar Aghaidh**

Gheobhaidh mac léinn creidiúint as modúil a pasáladh agus ní bheidh air/uirthi aon scrúdú a athshuí má baineadh 40% ar a laghad amach sa mhodúl taobh istigh den teorainn ama a leagadh amach sna rialacháin maidir le tréimhse áirithe a chríochnú go rathúil. Is é 2 bhliain acadúla an ghnáth-theorainn ama maidir le marcanna a thabhairt ar aghaidh chuig seisiún scrúdaithe. Féadfaidh Coláiste teorainn ama eile a leagan síos seachas an ceann seo ach faomhadh an Choiste um Rialacháin Acadúla a fháil.

### **5.4. Ábhar le Meas san Athscrúdú**

Ní féidir marcanna as measúnuithe an mhodúil (i.e. gnéithe measúnaithe fo-mhodúil) a rinneadh cheana a thabhairt ar aghaidh don chéad bhabhta eile mura mbeidh foráil déanta ag an gColáiste díolúine a thabhairt do mhac léinn ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh ar chúiseanna acadúla.

### **5.5. Foráil maidir le Cúiteamh**

Níl aon fhoráil maidir le cúiteamh ag gabháil le cláir Dhioplóma.

## 5.6. Marcanna Scrúdaithe a Uasteorannú

Le héifeacht ón mbliain acadúil 2015/16 is é pasmharc an mhodúil, viz 40%, an tuasmharc is féidir a bhronnadh nuair a bheidh modúl á athscrúdú.

## 5.7. Socruithe maidir le Foráil Uasteorannaithe a chur i bhfeidhm

Beidh uasteorannú i bhfeidhm do gach clár dioplóma fochéime mar seo a leanas:

1. An bhliain acadúil 2015-16:
  - Beidh uasteorannú i bhfeidhm do gach clár dioplóma fochéime a chuirfear tús leis i mí Mheán Fómhair 2015.
  - Ní bheidh uasteorannú i bhfeidhm i gcás mic léinn a chuireann tús le Bliain a dó de chlár dhá bhliain i mí Mheán Fómhair 2015.
2. An bhliain acadúil 2016-17:
  - Beidh uasteorannú i bhfeidhm i *ngach* bliain de chlár dioplóma fochéime a chuirfear tús leis i mí Mheán Fómhair 2016.
  - Beidh uasteorannú i bhfeidhm i gcás mic léinn a thagann ar ais chun a gclár dioplóma fochéime a chríochnú i ndiaidh dóibh leas a bhaint as saoire neamhláithreachta nó briseadh de chineál eile a ghlacadh óna gcuid staidéir, is cuma má bhí, nó mura raibh an tsaoire sin faofa ag an Ollscoil.

Cuirfear uasteorannú i bhfeidhm i ngach cás, mar atá leagtha amach thuas, mura bhfuil cead faighte an scrúdú a chur siar, féach Cuid 7 den cháipéis seo maidir le Nósanna Imeachta na hOllscoile i leith Scrúdú a Chur Siar.

## 6. Onóracha a Bhronnadh

Ríomhtar onóracha, ar chríochnú an chláir, de bhun 30% den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse leathdheiridh móide 70% den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse deiridh. Beidh an caighdeán bunaithe ar an tábla seo a leanas:

H1 comhiomlán 70%

H2.1 comhiomlán 60%

H2.2 comhiomlán 50%

Tabharfar grád neodrach do chreidiúint a bhronntar ar réamhfhoghlaim nó ar Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) agus ní chuirfear san áireamh é agus onóracha á ríomh.

## 7. Foráil maidir le Scrúdú a chur siar

Caithfear iarratas a dhéanamh ar chead modú(i)l a chur siar go dtí seisiún scrúdaithe eile de réir Nósanna Imeachta na hOllscoile atá i bhfeidhm maidir le Scrúdú a Chur Siar, mar atá leagtha amach i dTreoirínite do mhic léinn maidir le scrúduithe a chur siar:

<https://www.nuigalway.ie/media/registry/exams/QA234---Deferral-of-Examinations---A-guide-for-students.pdf>

## 8. Tras-scríbhinní

Beidh sonraí maidir le gach modúl a bhfuil marc faighte ina leith le feiceáil ar thrasscríbhinní na mac léinn. Is iad seo a leanas na nótaí eile a bheidh le feiceáil:

- Díolúinte
- As láthair
- Curtha siar
- Neamhiomlán
- Iniúchadh

## 9. Déileáil le hEisceachtaí nó Athruithe

Ní ghlacfar le haon athruithe ar na rialacháin seo ach i gcásanna eisceachtúla amháin. Is éard is **athrú struchtúrtha** ann athrú suntasach buan ar na rialacháin seo a d'fhéadfaí a cheadú do chlár amháin nó níos mó. Sa chás go dteastaíonn **athrú struchtúrtha** chun críche acadúla, caithfear iarratas a dhéanamh ar Choiste na Rialachán Acadúil de chuid Choiste Seasta na Comhairle Acadúla, agus déanfaidh an Coiste sin moladh do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla maidir leis na hiarratais a fhaightear. Is éard is **lámhaltas** ann an Coiste Seasta ag tabhairt cead sonrath, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil, clár staidéir a athrú ó na rialacháin atá leagtha síos. D'fhéadfadh **lámhaltas** a bheith ag teastáil ó thráth go chéile agus is faoi Choiste Seasta na Comhairle Acadúla cinneadh a dhéanamh ina leith, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil.

**CD/12/A6/4.2**

**Marcanna & Caighdeáin do gach Scrúdú Teastas Fochéime  
(seachas scrúduithe Teastais a a mbronntar gradaim fágála orthu ó Chláir  
Fochéime Pháirtaimseartha)**

**Stádas na Cáipéise: Ceadaithe 2012. Leasuithe a d'aontaigh an Coiste Seasta an 13/08/2015 cuimsithe.**

## 1. Réamhrá

Baineann na rialacháin ghinearálta seo le gach clár Teastais fochéime san Ollscoil, **seachas scrúduithe Teastais a mbronntar gradaim fágála orthu ó Chláir Fochéime Pháirtaimseartha. Caithfidh** gach clár Teastas fochéime **cloí** leis na rialúcháin seo mura dtagann siad faoi mhír 9 thíos. Caithfidh mic léinn aird a thabhairt ar rialacháin na gclár Teastais agus ar riachtanais an Choláiste chuí.

Tá na rialúcháin seo faofa ag Comhairle Acadúil na hOllscoile agus rialaithe agus leasaithe ag Coiste Seasta na Comhairle Acadúla, i ndiaidh dóibh a bheith réamh-mheasta ag Coiste na Rialachán Acadúil. Beidh an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid (Cathaoirleach), Déin na gColáistí agus ionadaí eile ó gach Coláiste agus an Stiúrthóir Oideachais Aosaigh ar Choiste na Rialachán Acadúil. Beidh foireann riaracháin chuí i láthair ag cruinnithe an Choiste. Tuairisceoidh an Coiste do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla.

## 2. Curaclaim na gClár Teastas

Tá dámhachtainí agus cláir teastais na hOllscoile eagraithe de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS). Tá na **Cláir** roinnte ina n-aonaid staidéir ar a dtugtar **Modúil**. Is aonad teagaisc agus foghlama gach Modúl a chuirtear ar fáil go foirmiúil san Ollscoil agus a bhfuil creidiúint ag dul leis a chuirtear in iúl i bhfoirm pointí creidiúna de réir chóras ECTS.

Eagraítear cláir teastais fochéime san Ollscoil i **dTréimhse** amháin arna roinnt ag Bliain Acadúil léinn. Beidh Torthaí Foghlama ar leith leagtha amach don Tréimhse (nó bliain cláir) agus bainfidh comhluach creidmheasa leis an Tréimhse nó leis an mBliain sin. Chun aon Tréimhse (nó Bliain Cláir) a chur i gcrích, caithfidh mic léinn an caighdeán cuí creidiúna comhiomlán a thabhairt chun críche go rathúil. Sa chás go mbeidh níos mó ná Tréimhse amháin i gceist, **caithfidh mic léinn gach tréimhse a chríochnú go rathúil sula bhféadfaidh siad tabhairt faoi thréimhse eile.**

## 3. Cur Síos agus Ualú na Modúl

Beidh sraith Modúl i ngach clár a chuireann an Ollscoil ar fáil agus is ionann gach modúl agus aonad teagaisc agus foghlama le **Torthaí Foghlama** leagtha síos dóibh, agus beidh creidiúint ag dul leo a chuirfear in iúl mar líon pointí creidiúna de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna. Beidh an **Cur Síos ar Mhodúil** sonraithe i **Stór na Modúl** (nó córas lárnach chun Modúil a bhainistiú) agus beidh sé leagtha amach sna **Sonraíochtaí agus sna Rialacháin** do gach clár sa Choláiste.

**Beidh ualú creidiúnaithe 5 ECTS ag dul le modúil aonair, nó féadfar an t-ualú a mhéadú faoi 5 ECTS más rud é go n-éilíonn dea-chleachtas acadúil aonaid staidéir níos leithne.**

Dámhtar creidmheas ar mhic léinn a ghnóthaíonn 40% i modúl.

#### 4. Socruithe Measúnuithe agus Scrúduithe Foirmiúla

Bíonn scrúduithe ar siúl san Ollscoil de ghnáth ag na hamanna seo a leanas

- Deireadh Sheimeastar 1
- Deireadh an Dara Seimeastair
- Athscrúduithe (Seimeastar 1 agus 2) (Lúnasa).

Ní mór faomhadh a fháil ón gCoiste um Rialacháin Acadúla roimh ré chun scrúduithe a reáchtáil lasmuigh de na tréimhsí sin i gcás scrúduithe a gcuireann an Oifig Scrúduithe tacaíocht ar fáil dóibh.

Beidh athscrúduithe ar siúl do gach clár agus modúl mura mbeidh cead faighte roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil. Ní gá gurb ionann leagan amach an athscrúdaithe i modúl agus leagan amach an chéad scrúdaithe agus is iad boird na gclár faoi leith a dhéanfaidh an cinneadh sin.

Féadfar modúil a mheas trí scrúduithe foirmiúla, measúnuithe, tionscadail, aistí, páipéir, tuairiscí, cur i láthair & díospóireachtaí, ceachtanna, obair sa tsaotharlann nó obair allamuigh, nó foghlaim eile ó thaithí.

Sa chás gur scrúdú i bhfoirm **páipéar scrúdaithe foirmiúil** a bhíonn le déanamh don mhodúl agus go mbeidh sé riartha ag Oifig na Scrúduithe agus le cur ar an amchlár go lárnach, mairfidh an scrúdú **dhá uair an chloig** de ghnáth. Sa chás go bhfuil ualú níos mó ná 5 ECTS ag modúl, féadfar roinnt páipéar dhá uair an chloig a chur isteach sa scrúdú foirmiúil nó páipéar amháin dhá uair an chloig agus modhanna measúnaithe eile (e.g. d'fhéadfadh dhá scrúdú dhá uair an chloig a bheith mar chuid de mhodúl 10 gcreidiúint a mhaireann ar feadh na bliana). I gcásanna eisceachtúla, má éilíonn cúiseanna measúnuithe acadúla níos daingne scrúduithe níos faide, d'fhéadfaí scrúduithe 3 huair an chloig (nó níos faide) a reáchtáil. Caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil sula gceadófar é seo.

#### 5. Pas agus Dul ar Aghaidh

Is é an Bord Scrúdaithe an t-údarás foirmiúil scrúduithe do gach Coláiste agus do gach seisiún scrúduithe. Is é an Déan a bhíonn ina C(h)athaoirleach agus bíonn comhaltaí acadúla an Choláiste agus scrúdaitheoirí seachtracha ó na disciplíní éagsúla nó ó na Coláistí atá freagrach as cláir idir Coláistí ar an mBord. Ní thabharfar aitheantas foirmiúil mar thorthaí oifigiúla scrúduithe Ollscoile ach do na cinntí a bheidh faofa ag an mBord Scrúdaithe maidir le Pas, Dul ar Aghaidh agus ligean do mhac léinn scrúdú a chur siar.

Tionólfar Bord Scrúduithe ag deireadh tréimhse, Seimeastar 2 de ghnáth, agus tar éis na n-athscrúduithe i mí Lúnasa. An Bord Scrúduithe a chinnfidh an toradh iomlán.

##### 5.1. Dul ar aghaidh

Eagraítear cláir Teastais san Ollscoil in aon **Tréimhse** amháin de ghnáth. **I gcás go mbíonn dhá thréimhse ag clár Teastas áfach, ní mór do mhic léinn an chéad**



**tréimhse a thabhairt chun críche go rathúil sula dtabharfaidh siad faoin dara tréimhse.** Leagfar Cláir Teastais Fochéime amach de réir bliana acadúla.

## **5.2. Pas**

**40% an marc pas ar gach modúl.** Sa chás go bhfuil measúnuithe éagsúla le déanamh (obair chúrsa, obair shaotharlainne, measúnú leanúnach, measúnú deiridh, etc.) sa mhodúl chun an grád deiridh a bhaint amach **ní gá** pas a bhaint amach in gach ceann de na measúnuithe seo de ghnáth. Ní thabharfar ach marc foriomlán don mhodúl ar ais don mhac léinn. Ní thabharfar marcanna do gach measúnú mar chuid de mhodúl.

**Caithfear marc ‘Neamhiomlán’ a thabhairt d’Oifig na Scrúduithe má bhíonn riachtanas ann go gcaithfear gné(íthe) de mhodúl a phasáil agus nach bhfuil an ghné/na gnéithe sin pasáilte. Caithfidh mac léinn gach gné de mhodúl neamhiomlán a dhéanamh arís** mura bhfuil sé sna rialacháin ag an gColáiste cuí go mbeadh mic léinn díolmhaithe ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh arís.

Ba chóir go mbeadh forálacha ag leibhéal an Choláiste mar a chéile do gach clár agus gach modúl sa Choláiste.

## **5.3. Marcanna a Thabhairt ar Aghaidh**

Gheobhaidh mac léinn creidiúint as modúil a pasáladh agus ní bheidh air/uirthi aon scrúdú a athshuí má baineadh 40% ar a laghad amach sa mhodúl taobh istigh den teorainn ama a leagadh amach sna rialacháin maidir le tréimhse áirithe a chríochnú go rathúil. Is é 2 bhliain acadúla an ghnáth-theorainn ama maidir le marcanna a thabhairt ar aghaidh chuig seisiún scrúdaithe. Féadfaidh Coláiste teorainn ama eile a leagan síos seachas an ceann seo ach faomhadh an Choiste um Rialacháin Acadúla a fháil.

## **5.4. Ábhar le Meas san Athscrúdú**

Ní féidir marcanna as measúnuithe an mhodúil (i.e. gnéithe measúnaithe fo-mhodúil) a rinneadh cheana a thabhairt ar aghaidh don chéad bhabhta eile mura mbeidh foráil déanta ag an gColáiste díolúine a thabhairt do mhac léinn ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh ar chúiseanna acadúla.

## **5.5. Foráil do Chúiteamh**

Níl aon fhoráil maidir le cúiteamh ag gabháil le cláir Teastais.

## **5.6. Marcanna Scrúdaithe a Uasteorannú**

Le héifeacht ón mbliain acadúil 2015/16 is é pasmharc an mhodúil, viz 40%, an tuasmharc is féidir a bhronnadh nuair a bheidh modúl á athscrúdú.

## 5.7. Socruithe maidir le Foráil Uasteorannaithe a chur i bhfeidhm

Mar a luaitear i mír 5.1, eagraítear cláir Teastais san Ollscoil in aon **Tréimhse** amháin de ghnáth. **I gcás go mbíonn dhá thréimhse ag clár Teastais áfach**, beidh uasteorannú i bhfeidhm do gach clár teastais fochéime mar seo a leanas:

1. An bhliain acadúil 2015-16:
  - Beidh uasteorannú i bhfeidhm do gach clár teastas fochéime dhá thréimhse a chuirfear tús leis i mí Mheán Fómhair 2015.
  - Ní bheidh uasteorannú i bhfeidhm i gcás mic léinn a chuireann tús le Bliain a dó de chlár dhá bhliain Teastais i mí Mheán Fómhair 2015.
2. An bhliain acadúil 2016-17:
  - Beidh uasteorannú i bhfeidhm do gach tréimhse de chlár Teastas fochéime a chuirfear tús leis i mí Mheán Fómhair 2016.
  - Beidh uasteorannú i bhfeidhm i gcás mic léinn a thagann ar ais chun a gclár teastais fochéime a chríochnú i ndiaidh dóibh leas a bhaint as saoire neamhláithreachta nó briseadh de chineál eile a ghlacadh óna gcuid staidéir, is cuma má bhí, nó mura raibh an tsaoire sin faofa ag an Ollscoil.

Cuirfear uasteorannú i bhfeidhm i ngach cás, mar atá leagtha amach thuas, mura bhfuil cead faighte an scrúdú a chur siar, féach Cuid 7 den cháipéis seo maidir le Nósanna Imeachta na hOllscoile i leith Scrúdú a Chur Siar.

## 6. Onóracha a Bhronnadh

Ríomhtar onóracha, ar chríochnú an chláir. Ag leibhéal teastais a bhfuil dhá thréimhse ann, ríomhtar onóracha de bhun 30% den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse leathdeiridh móide 70% den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse deiridh. Beidh an caighdeán bunaithe ar an tábla seo a leanas:

H1 comhiomlán 70%

H2.1 comhiomlán 60%

H2.2 comhiomlán 50%

Tabharfar grád neodrach do chreidiúint a bhronntar ar réamhfhoghlaim nó ar Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) agus ní chuirfear san áireamh é agus onóracha á ríomh.

## 7. Modúl a chur siar

Caithfear iarratas a dhéanamh ar chead modú(i)l a chur siar go dtí seisiún scrúdaithe eile de réir Nósanna Imeachta na hOllscoile atá i bhfeidhm maidir le Scrúdú a Chur Siar, mar atá leagtha amach i dTreoiríníte do mhic léinn maidir le scrúduithe a chur siar:

<https://www.nuigalway.ie/media/registry/exams/QA234---Deferral-of-Examinations---A-guide-for-students.pdf>

## 8. Athscríbhinní

Beidh sonraí maidir le gach modúl a bhfuil marc faighte ina leith le feiceáil ar thrasscríbhinní na mac léinn. Is iad seo a leanas na nótaí eile a bheidh le feiceáil:

- Díolúinte
- As láthair
- Curtha siar
- Neamhiomlán
- Iniúchadh

## 9. Déileáil le hEisceachtaí nó Athruithe

Ní ghlacfar le haon athruithe ar na rialacháin seo ach i gcásanna eisceachtúla amháin. Is éard is **athrú struchtúrtha** ann athrú suntasach buan ar na rialacháin seo a d'fhéadfaí a cheadú do chlár amháin nó níos mó. Sa chás go dteastaíonn **athrú struchtúrtha** chun críche acadúla, caithfear iarratas a dhéanamh ar Choiste na Rialachán Acadúil de chuid Choiste Seasta na Comhairle Acadúla, agus déanfaidh an Coiste sin moladh do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla maidir leis na hiarratais a fhaightear. Is éard is lámhaltas ann an Coiste Seasta ag tabhairt cead sonrath, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil, clár staidéir a athrú ó na rialacháin atá leagtha síos. D'fhéadfadh **lámhaltas** a bheith ag teastáil ó thráth go chéile agus is faoi Choiste Seasta na Comhairle Acadúla cinneadh a dhéanamh ina leith, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil.

**AMT/13/A6/6.1**

### **Marcanna & Caighdeáin do gach Scrúdú Fochéime Páirtaimseartha Leanúnaí**

**Stádas na cáipéise: Faofa 06/06/2013. Leasaithe a d'aontaigh an Coiste Seasta an 13/08/2015 cuimsithe.**

**Tabhair faoi deara: Baineann na Marcanna & na Caighdeáin seo chomh maith le gradaim fágála ag leibhéal Dioplóma (Tréimhse 1), ag 90 agus 120 ECTS faoi seach, ó Chláir Fochéime Pháirtaimseartha Leanúnaí**

## 1. Réamhrá

Baineann na rialacháin ghinearálta seo le gach clár leanúnach fochéime páirtaimseartha san Ollscoil. **Caithfidh** gach clár **cloí** leis na rialúcháin seo mura dtagann siad faoi mhír 9 thíos. Caithfidh mic léinn aird a thabhairt ar rialacháin agus ar riachtanais chláir chéime leanúnaí an Choláiste.

Tá na rialúcháin seo faofa ag Comhairle Acadúil na hOllscoile agus rialaithe agus leasaithe ag Coiste Seasta na Comhairle Acadúla, i ndiaidh dóibh a bheith réamhmheasta ag Coiste na Rialachán Acadúil. Tá an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid (Cathaoirleach), Déin na gColáistí agus ionadaí eile ó gach Coláiste agus an Stiúrthóir Foghlama Fadsaoil ar Choiste na Rialachán Acadúil. Tuairiscíonn an Coiste do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla.

## 2. Curaclaim na gClár Céime

Tá dámhachtainí na hOllscoile do chláir leanúnacha chéime eagraithe de réir an Chórais Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS). Tá na **Cláir** roinnte ina n-aonaid staidéir ar a dtugtar **Modúil**. Is aonaid teagaisc agus foghlama gach Modúl a chuirtear ar fáil go foirmiúil san Ollscoil agus a bhfuil creidiúint ag dul leis a chuirtear in iúl i bhfoirm pointí creidiúna de réir ECTS.

Beidh luach creidiúna comhiomlán leagtha síos do chláir de réir an Leibhéil Staidéir mar atá socraithe i gCreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (NFQ) in Éirinn. Tagann cláir fochéime pháirtaimseartha leanúnaí le Leibhéal 8 den Chreatoibre agus tá roinnt blianta acadúla staidéir i gceist leo (4 bliana ar a laghad). Tabharfaidh mic léinn faoin gclár ar bhonn modúlach agus cuirfidh siad an clár i gcrích de réir an phlean acadúil atá deartha idir Comhordaitheoir an Chláir agus an mac léinn.

Eagraítear cláir fochéime pháirtaimseartha leanúnaí san Ollscoil in dhá **Thréimhse** de ghnáth. Beidh Torthaí Foghlama leagtha síos do gach Tréimhse agus beidh luach creidiúna comhiomlán ag dul leo (i.e. i gcás cláir chéime ar a bhfuil 180 ECTS beidh 90 creidiúint as Tréimhse 1 (Diplóma) agus beidh 90 creidiúint eile as Tréimhse 2 (Céim); i gcás cláir chéime ar a bhfuil 240 ECTS beidh 120 creidiúint as Tréimhse 1 (Diplóma) agus beidh 120 creidiúint eile as an dara Tréimhse (Céim). Chun aon Tréimhse a chur i gcrích, caithfidh mic léinn an caighdeán cuí creidiúna comhiomlán atá sonraithe i rialacháin an chláir a bhaint amach. Cuirfidh mic léinn ar chéimeanna leanúnacha **páirtaimseartha** gach Tréimhse i gcrích in imeacht roinnt blianta acadúla.

## 3. Cur Síos agus Ualú na Modúl

Beidh sraith Modúl i ngach clár a chuireann an Ollscoil ar fáil agus is ionann gach modúl agus aonad teagaisc agus foghlama le **Torthaí Foghlama** leagtha síos dóibh, agus beidh creidiúint ag dul leo a chuirfear in iúl mar líon pointí creidiúna de réir an Chórais Eorpach Aistrithe Creidiúna. Beidh an **Cur Síos ar Mhodúil** sonraithe i **Stór na Modúl** (nó córas lárnach chun Modúil a bhainistiú) agus beidh sé leagtha amach sna **Sonraíochtaí agus sna Rialacháin** do gach clár sa Choláiste.

Beidh ualú creidiúnaithe 5 ECTS ag dul le modúil aonair, nó féadfar an t-ualú a mhéadú faoi 5 ECTS más rud é go n-éilíonn dea-chleachtas acadúil aonaid staidéir níos leithne.

Gheobhaidh mic léinn creidiúint má bhaineann siad amach marc 40% nó níos mó ar mhodúl.

#### **4. Socruithe Measúnuithe agus Scrúduithe Foirmiúla**

Bíonn scrúduithe ar siúl san Ollscoil de ghnáth ag na hamanna seo a leanas

- Deireadh an Chéad Seimeastair
- Deireadh an Dara Seimeastair
- Athscrúduithe (Seimeastar 1 agus 2) (Lúnasa).

Má theastaíonn scrúduithe taobh amuigh de na hamanna seo caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil.

Beidh athscrúduithe ar siúl do gach clár agus modúl mura mbeidh cead faighte roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil.

Féadfar modúil a mheas trí scrúduithe foirmiúla, measúnuithe, tionscadail, aistí, páipéir, tuairiscí, cur i láthair & díospóireachtaí, ceachtanna, obair sa tsaotharlann nó obair allamuigh, nó foghlaim eile ó thaithí.

Sa chás gur scrúdú i bhfoirm **páipéar scrúdaithe foirmiúil** a bhíonn le déanamh don mhodúl agus go mbeidh sé riartha ag Oifig na Scrúduithe agus le cur ar an amchlár go lárnach, mairfidh an scrúdú **dhá uair an chloig** de ghnáth. Sa chás go bhfuil ualú níos mó ná 5 ECTS ag modúl, féadfar roinnt páipéar dhá uair an chloig a chur isteach sa scrúdú foirmiúil nó páipéar amháin dhá uair an chloig agus modhanna measúnaithe eile (e.g. d'fhéadfadh dhá scrúdú dhá uair an chloig a bheith mar chuid de mhodúl 10 gcreidiúint a mhaireann ar feadh na bliana). I gcásanna eisceachtúla, má éilíonn cúiseanna measúnuithe acadúla níos daingne scrúduithe níos faide, d'fhéadfaí scrúduithe 3 huair an chloig (nó níos faide) a reáchtáil. Caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil sula gceadófar é seo

#### **5. Pas agus Dul ar Aghaidh**

Is é an Bord Scrúdaithe an t-údarás foirmiúil scrúduithe do gach Coláiste agus do gach seisiún scrúduithe. Is é an Déan a bhíonn ina Chathaoirleach agus bíonn comhaltaí acadúla an Choláiste agus scrúdaitheoirí seachtracha ó na disciplíní éagsúla nó ó na Coláistí atá freagrach as cláir idir Coláistí ar an mBord. Caithfidh cinntí a bheith faofa ag an mBord Scrúdaithe chun aitheantas foirmiúil a fháil mar thorthaí oifigiúla scrúduithe Ollscoile – maidir le Pas, Dul ar Aghaidh, Onóracha agus ligean do mhac léinn scrúdú a chur siar.

Tiocfaidh Bord Scrúdaithe Eatramhacha le chéile ag deireadh na bliana acadúla agus tiocfaidh an Bord Scrúdaithe foirmiúil le chéile ag deireadh na Tréimhse, i ndiaidh na nAthscrúduithe i mí Lúnasa san áireamh. Cinnfidh an Bord Scrúdaithe an toradh foriomlán do gach Tréimhse.

## 5.1 Dul ar Aghaidh

**Caithfidh mic linn an chéad Tréimhse a chur i gcrích sula bhféadfaidh siad tabhairt faoin dara Tréimhse de chlár**

## 5.2 Pas

**40% an marc pas ar gach modúl.** Sa chás go bhfuil measúnuithe éagsúla le déanamh (obair chúrsa, obair shaotharlainne, measúnú leanúnach, measúnú deiridh, etc.) sa mhodúl chun an grád deiridh a bhaint amach **ní gá** pas a bhaint amach in gach ceann de na measúnuithe seo de ghnáth. Ní thabharfar ach marc foriomlán don mhodúl ar ais don mhac léinn. Ní thabharfar marcanna do gach measúnú mar chuid de mhodúl.

**Caithfear marc ‘Neamhiomlán’ a thabhairt d'Oifig na Scrúduithe má bhíonn riachtanas ann go gcaithfear gné(íthe) de mhodúl a phasáil agus nach bhfuil an ghné/na gnéithe sin pasáilte. Caithfidh mac léinn gach gné de mhodúl neamhiomlán a dhéanamh arís** mura bhfuil sé sna rialacháin ag an gColáiste cuí go mbeadh mic léinn díolmhaithe ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh arís.

Ba chóir go mbeadh forálacha ag leibhéal an Choláiste mar a chéile do gach clár agus gach modúl sa Choláiste.

## 5.3 Marcanna a Thabhairt ar Aghaidh

Gheobhaidh mac léinn creidiúint as modúil a pasáladh agus ní bheidh air/uirthi aon scrúdú a athshuí má baineadh 40% amach sa mhodúl taobh istigh den teorainn ama a leagadh amach sna rialacháin maidir le Tréimhse áirithe a chríochnú go rathúil.

## 5.4 Ábhar le Meas san Athscrúdú

Ní féidir marcanna as measúnuithe an mhodúil (i.e. sub-module assessment elements) a rinneadh cheana a thabhairt ar aghaidh don chéad bhabhta eile mura mbeidh foráil déanta ag an gColáiste díolúine a thabhairt do mhac léinn ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh ar chúiseanna acadúla.

## 5.5 Foráil do Chúiteamh

**Níl aon fhoráil ann do Chúiteamh maidir le Cláir Fochéime Pháirtaimseartha Leanúnaí.**

## 5.6 Marcanna Scrúdaithe a Uasteorannú

Le héifeacht ón mbliain acadúil 2015/16 is é pasmharc an mhodúil, viz 40%, an tuasmharc is féidir a bhronnadh nuair a bheidh modúl á athscrúdú.

Cuirfear uasteorannú i bhfeidhm i ngach cás, mar atá leagtha amach thuas, mura bhfuil cead faighte an scrúdú a chur siar, féach Cuid 7 den cháipéis seo maidir le Nósanna Imeachta na hOllscoile maidir le Scrúdú a Chur Siar.

## **6. Onóracha a Bhronnadh**

Bronntar onóracha de réir na scéime ag 6.1, do gach tréimhse den staidéar a chuirtear i gcrích.

Tabharfar grád neodrach do chreidiúint a bhronntar ar réamhfhoghlaim nó ar Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) agus ní chuirfear san áireamh é agus onóracha á ríomh.

### **6.3. Onóracha a Bhronnadh ag Leibhéal Céime**

Ag leibhéal céime, déanfar onóracha a ríomh bunaithe ar an marc comhiomlán a bhainfear amach sna modúil riachtanacha, de réir an tábla seo a leanas:

H1 comhiomlán 70% H2.1  
comhiomlán 60%  
H2.2 comhiomlán 50%  
H3 comhiomlán 40%

### **6.4. Scrúdú roimh an Tréimhse Dheiridh**

Déanfar onóracha a ríomh bunaithe ar an marc comhiomlán a bhainfear amach sna modúil riachtanacha, de réir an tábla seo a leanas:

H1 comhiomlán 70% H2.1  
comhiomlán 60%  
H2.2 comhiomlán 50%

Nóta (1): Bronntar onóracha ar an gcaoi a n-éiríonn leis an mac léinn ar an iomlán sa Tréimhse ina hiomláine. Ní bhronntar onóracha ar na torthaí a fhaightear i modúil ar leith.

## **7. Modúl a chur siar**

Caithfear iarratas a dhéanamh ar chead modú(i)l a chur siar go dtí seisiún scrúdaithe eile de réir an Phróisis Iarratais atá i bhfeidhm san Ollscoil maidir le Scrúdú a Chur Siar, mar atá leagtha amach i dTreoiríníte do mhic léinn maidir le scrúduithe a chur siar:

<https://www.nuigalway.ie/media/registry/exams/QA234---Deferral-of-Examinations---A-guide-for-students.pdf>

## 8. Athscríbhinní

Beidh sonraí maidir le gach modúl a bhfuil marc faighte ina leith le feiceáil ar thrascríbhinní na mac léinn. Beidh Caighdeán Onóracha na Céime a thuairisceofar bunaithe ar na bandaí gráid ag 6 thuas. Is iad seo a leanas na nótaí eile a bheidh le feiceáil:

- Teip
- Díolmhaithe
- As láthair
- Curtha siar
- Neamhiomlán
- Iniúchadh

## 9. Déileáil le hEisceachtaí nó Athruithe

Ní ghlacfar le haon athruithe ar na rialacháin seo ach i gcásanna eisceachtúla amháin. Is éard is **athrú struchtúrtha** ann athrú suntasach buan ar na rialacháin seo a d'fhéadfaí a cheadú do chlár amháin nó níos mó. Sa chás go dteastaíonn **athrú struchtúrtha** chun críche acadúla, caithfear iarratas a dhéanamh ar Choiste na Rialachán Acadúil de chuid Choiste Seasta na Comhairle Acadúla, agus déanfaidh an Coiste sin moladh do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla maidir leis na hiarratais a fhaightear. Is éard is lamháltas ann an Coiste Seasta ag tabhairt cead sonrath, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil, clár staidéir a athrú ó na rialacháin atá leagtha síos. D'fhéadfadh **lamháltas** a bheith ag teastáil ó thráth go chéile agus is faoi Choiste Seasta na Comhairle Acadúla cinneadh a dhéanamh ina leith, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil.

**CD/12/A7/4.2 & 4.3**

**Marcanna & Caighdeáin do MB, B Ch, Clár BAO agus cláir B Sc (Teiripe Saothair, Cosliacht, Teiripe Teanga agus Urlabhra)**

**Stádas na Cáipéise: Aontaithe ag Comhairle na nDéan, cruinniú 11/12/2012, bunaithe ar an athrú struchtúrtha a d'aontaigh Coiste Seasta na Comhairle Acadúil (cruinniú 25/9/12) ar mholadh Fhochoiste na Rialachán Acadúil (cruinnithe 9/7/12 agus 4/9/12). Cuimsítear leasuithe breise a d'aontaigh an Coiste Seasta an 13/08/2015.**

Tá gach modúl ar Chláir Leibhéal 8, in gach bliain, 1, 2, 3, 4...ag leibhéal 8. Féadfar gradaim fágála a dhéanamh ag leibhéal 7.

### 1. Réamhrá

Baineann na rialacháin seo le cláir fochéime lánaimseartha an MB, B Ch, Clár BAO agus cláir B Sc (Teiripe Saothair, Cosliacht, Teiripe Teanga agus Urlabhra)



Caithfidh mic léinn aird a thabhairt ar rialacháin agus ar riachtanais chlár céime Choláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte.

## 2. Curaclaim na gClár Céime

Tá dámhachtainí agus cláir fochéime na hOllscoile eagraithe de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS). Tá na **Cláir** roinnte ina n-aonaid staidéir ar a dtugtar **Modúil**. Is aonaid teagaisc agus foghlama gach Modúil a chuirtear ar fáil go foirmiúil san Ollscoil agus a bhfuil creidiúint ag dul leis a chuirtear in iúl i bhfoirm pointí creidiúna de réir ECTS.

Beidh luach creidiúna comhiomlán leagtha síos do chlár de réir an Leibhéil Staidéir atá socraithe i gCreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (NFQ) in Éirinn. Tagann cláir fochéime lánaimseartha le Leibhéal 8 den Chreatoibre agus tá trí, ceithre bliana acadúla staidéir nó níos mó i gceist leo. Beidh ualach modúil arb ionann a chomhluach creidmheasa agus 60 ECTS i gceist do bhliain acadúil d'fhochéim lánaimseartha.

Eagraítear cláir fochéime san Ollscoil i **dTréimhse** amháin arna roinnt ag Bliain Acadúil léinn. Beidh Torthaí Foghlama ar leith leagtha amach do gach Tréimhse nó Bliain (nó bliain cláir) agus bainfidh comhluach creidmheasa 60 ECTS leis an Tréimhse nó Bliain sin. Chun aon Tréimhse (nó Bliain Cláir) a chur i gcrích, caithfidh mic léinn lánaimseartha an caighdeán cuí creidiúna comhiomlán, 60 ECTS, a thabhairt chun críche go rathúil. Beifear ag súil go dtabharfaidh mic léinn **lánaimseartha** tréimhse laistigh de bhliain acadúil chun críche. **Ní mór do mhic léinn gach tréimhse a thabhairt chun críche go rathúil sula dtugann siad faoin gcéad tréimhse eile.**

## 3. Cur Síos agus Ualú na Modúl

Beidh sraith Modúl i ngach clár a chuireann an Ollscoil ar fáil agus is ionann gach modúl agus aonad teagaisc agus foghlama le **Torthaí Foghlama** leagtha síos dóibh, agus beidh creidiúint ag dul leo a chuirfear in iúl mar líon pointí creidiúna de réir an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna. Beidh **Sonraíochtaí Modúil** sonraithe i **dTaisce Modúl** lárnach (nó córas “Bainisteoir Modúl”) na hOllscoile agus beidh sé leagtha amach sna **Sonraíochtaí agus sna Rialacháin** do gach clár.

**Beidh ualú creidiúnaithe 5 ECTS ag dul le modúil aonair, nó féadfar an t-ualú a mhéadú faoi 5 ECTS más rud é go n-éilíonn dea-chleachtas acadúil aonaid staidéir níos leithne.**

Dámhtar creidmheas ar mhic léinn a ghnóthaíonn **50%** i modúl.

## 4. Socruithe Measúnuithe agus Scrúduithe Foirmiúla

Bíonn scrúduithe ar siúl san Ollscoil de ghnáth ag na hamanna seo a leanas

- Deireadh Sheimeastar 1
- Deireadh an Dara Seimeastair
- Athscrúduithe (Seimeastar 1 agus 2) (Lúnasa).

Má theastaíonn scrúduithe taobh amuigh de na hamanna seo caithfear cead a fháil roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil.

Beidh athscrúduithe ar siúl do gach clár agus modúl mura mbeidh cead faighte roimh ré ó Choiste na Rialachán Acadúil.

Féadfar modúil a mheas trí scrúduithe foirmiúla, measúnuithe, tionscadail, aistí, páipéir, tuairiscí, cur i láthair & díospóireachtaí, ceachtanna, obair sa tsaotharlann nó obair allamuigh, nó foghlaim eile ó thaithí.

Sa chás gur scrúdú i bhfoirm **páipéar scrúdaithe foirmiúil** a bhíonn le déanamh don mhodúl agus go mbeidh sé riartha ag Oifig na Scrúduithe agus le cur ar an amchlár go lárnach, mairfidh an scrúdú **dhá uair an chloig** de ghnáth. Sa chás go bhfuil ualú níos mó ná 5 ECTS ag modúl, féadfar roinnt páipéar dhá uair an chloig a chur isteach sa scrúdú foirmiúil nó páipéar amháin dhá uair an chloig agus modhanna measúnaithe eile (e.g. d'fhéadfadh dhá scrúdú dhá uair an chloig a bheith mar chuid de mhodúl 10 greidiúint a mhaireann ar feadh na bliana).

## 5. Pas agus Dul ar Aghaidh

Is é an Bord Scrúdaithe an t-údarás foirmiúil scrúduithe do gach Coláiste agus do gach seisiún scrúduithe. Is é an Déan a bhíonn ina C(h)athaoirleach agus bíonn comhaltaí acadúla an Choláiste agus scrúdaitheoirí seachtracha ó na disciplíní éagsúla nó ó na Coláistí atá freagrach as cláir idir Coláistí ar an mBord. Caithfidh cinntí a bheith faoifa ag an mBord Scrúdaithe chun aitheantas foirmiúil a fháil mar thorthaí oifigiúla scrúduithe Ollscoile – maidir le Pas, Dul ar Aghaidh, Onóracha agus ligean do mhac léinn scrúdú a chur siar.

Tionólfar Bord Scrúduithe ag deireadh tréimhse, Seimeastar 2 de ghnáth, agus tar éis na n-athscrúduithe i mí Lúnasa. An Bord Scrúduithe a chinneadh an toradh iomlán.

### 5.1. Dul ar aghaidh

Eagraítear cláir fochéime san Ollscoil in dhá **Thréimhse** de ghnáth. **Ní mór do mhic léinn gach tréimhse a thabhairt chun críche go rathúil sula dtugann siad faoin gcéad tréimhse eile.** Ar bhonn bliain acadúil a eagrófar Cláir Fochéime Lánaimseartha, áit a sheasann gach bliain do Thréimhse shonrach. Beidh ar mhic léinn fochéime lánaimseartha clárú agus dul faoi scrúdú do shraith modúl arb ionann iad agus ualach creidmheasa 60 ECTS ar an iomlán, de réir struchtúir agus rialacháin an chlár atá leagtha amach i **Sonraíochtaí agus Rialacháin Cláir** an Choláiste dá gclár léinn roghnaithe.

### 5.2. Pas

**50% an pasmharc a bhaineann le gach modúl.** Sa chás go bhfuil measúnuithe éagsúla le déanamh sa mhodúl (obair chúrsa, obair shaotharlainne, measúnú leanúnach, measúnú deiridh, etc.) chun an grád deiridh a bhaint amach **ní gá** pas a bhaint amach in

gach ceann de na measúnuithe seo de ghnáth. Ní thabharfar ach marc foriomlán don mhodúl ar ais don mhac léinn. Ní thabharfar marcanna do gach measúnú mar chuid de mhodúl.

**Caithfear marc ‘Neamhiomlán’ a thabhairt d'Oifig na Scrúduithe má bhíonn riachtanas ann go gcaithfear gné(íthe) de mhodúl a phasáil agus nach bhfuil an ghné/na gnéithe sin pasáilte. Caithfidh mac léinn gach gné de mhodúl neamhiomlán a dhéanamh arís mura bhfuil sé sna rialacháin ag an gColáiste cuí go mbeadh mic léinn díolmhaithe ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh arís.**

### **5.3. Marcanna a Thabhairt ar Aghaidh**

Gheobhaidh mac léinn creidiúint as modúil a pasáladh agus ní bheidh air/uirthi aon scrúdú a athshuí má baineadh 50% ar a laghad amach sa mhodúl taobh istigh den teorainn ama a leagadh amach sna rialacháin maidir le tréimhse áirithe a chríochnú go rathúil. Is é 2 bhliain acadúla an ghnáth-theorainn ama maidir le marcanna a thabhairt ar aghaidh chuig seisiún scrúdaithe. Féadfaidh Coláiste teorainn ama eile a leagan síos seachas an ceann seo ach faomhadh an Choiste um Rialacháin Acadúla a fháil.

### **5.4. Ábhar le Meas san Athscrúdú**

Ní féidir marcanna as measúnuithe an mhodúil (i.e. gnéithe measúnaithe fo-mhodúil) a rinneadh cheana a thabhairt ar aghaidh don chéad bhabhta eile mura mbeidh foráil déanta ag an gColáiste díolúine a thabhairt do mhac léinn ó mheasúnuithe áirithe a dhéanamh ar chúiseanna acadúla.

### **5.5. Foráil do Chúiteamh**

Tabhair faoi deara: níl an pas trí chúiteamh ar fáil mar go bhfuil gach modúl ina chroímhodúl nó ina mhodúl éigeantach.

### **5.6. Marcanna Scrúdaithe a Uasteorannú**

Le héifeacht ón mbliain acadúil 2015/16 is é pasmharc an mhodúil, viz 50%, an tuasmharc is féidir a bhronnadh nuair a bheidh modúl á athscrúdú.

Tá dhá eisceacht air seo:

- a) Ní bheidh uasteorannú i bhfeidhm sa chéad bhliain den MB, BCh, cláir BAO agus B Sc (Teiripe Saothair, Cosliacht, Teiripe Teanga agus Urlabhra).
- b) Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn i mBunús an Leighis (OMB3).

### **5.7. Socruithe maidir le Foráil Uasteorannaithe a chur i bhfeidhm**

Beidh uasteorannú i bhfeidhm do gach clár fochéime mar seo a leanas:

#### **1. An bhliain acadúil 2015-16:**

- Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn i mBunús an Leighis (OMB3), sa chéad bhliain ná sa bhliain deiridh.
- Baineann uasteorannú le mic léinn i ngach bliain eile de chlár fochéime, i.e. ón dara bliain go dtí an bhliain roimh bhliain na céime.

## **2. An bhliain acadúil 2016-17:**

- Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn sa chéad bhliain.
- Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn i mBunús an Leighis (OMB3), sa chéad bhliain ná sa bhliain deiridh.
- Baineann uasteorannú le mic léinn i ngach bliain eile de chlár fochéime, i.e. ón dara bliain go dtí bliain na céime.
- Tá feidhm ag uasteorannú i leith mac léinn atá ag athdhéanamh aon Tréimhse de chlár ón dara bliain go dtí an bhliain deiridh, beag beann ar an uair a rinneadh an chéad iarracht ar an Tréimhse sin.
- Ní bheidh uasteorannú i bhfeidhm i gcás mic léinn a bhí ar ERASMUS, ar bhliain thar lear nó ar chlár acadúil eile faofa ag an gColáiste in 2015-16 agus atá sa bhliain deiridh anois.
- Tá feidhm ag uasteorannú i leith mac léinn atá sa bhliain deiridh in 2016-17 agus ar ghlac siad saoire neamhláithreachta le linn na bliana acadúla 2015-16, bíodh an tsaoire sin faofa ag an Ollscoil nó ná bíodh.

## **3. Bliain Acadúil 2017-18 agus ina dhiaidh sin:**

- Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn sa chéad bhliain.
- Ní bhaineann uasteorannú le mic léinn i mBunús an Leighis (OMB3), sa chéad bhliain ná sa bhliain deiridh.
- Baineann uasteorannú le mic léinn i ngach bliain eile de chlár fochéime, i.e. ón dara bliain go dtí an bhliain roimh bhliain na céime. Mic léinn atá ag athdhéanamh bliana nó ag filleadh ar an staidéar san áireamh.

Cuirfear uasteorannú i bhfeidhm i ngach cás, mar atá leagtha amach thuas, mura bhfuil cead faighte an scrúdú a chur siar, féach Cuid 7 den cháipéis seo maidir le Nósanna Imeachta na hOllscoile i leith Scrúdú a Chur Siar.

## **6. Onóracha a Bhronnadh**

Bronntar onóracha de réir na scéime seo a leanas, do gach tréimhse chríochnaithe de staidéar; is é sin, do gach bliain acadúil chríochnaithe do mhic léinn fochéime lánaimseartha.

### **6.1. Onóracha a Bhronnadh ag Leibhéal Céime**

#### **6.1.a Leigheas**

Ag leibhéal céime ar chlár an Leighis, ríomhtar onóracha de bhun **50%** den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse leathdheiridh móide **50%** den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse deiridh. Beidh an caighdeán bunaithe ar an tábla seo a leanas:

- H1 comhiomlán 70%
- H1 comhiomlán 60%
- H3 comhiomlán 50%

### **6.1.b Teiripe Shaothair, Cosliacht, Teiripe Teanga agus Urlabhra**

Ag leibhéal céime ar chlár na Teiripe Saothair, Cosliacht, Teiripe Teanga agus Urlabhra, ríomhtar onóracha de bhun **30%** den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse leathdheiridh móide **70%** den mharc comhiomlán a bhaintear amach i Scrúdú na tréimhse deiridh. Beidh an caighdeán bunaithe ar an tábla seo a leanas:

- H1 comhiomlán 70%
- H1 comhiomlán 60%
- H3 comhiomlán 50%

## **6.2. Scrúdú roimh an Tréimhse Dheiridh**

Áireofar onóracha bunaithe ar an tábla seo a leanas:

- H1 comhiomlán 70%
- H1 comhiomlán 60%
- H3 comhiomlán 50%

Nóta (1): Bronntar onóracha ar an gcaoi a n-éiríonn leis an mac léinn ar an iomlán sa Scrúdú ina iomláine. Ní bhronntar onóracha ar na torthaí a fhaightear i modúil ar leith.

Nóta (2): Tabharfar grád neodrach do chreidiúint a bhronntar ar réamhfhoghlaim nó ar Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) agus ní chuirfear san áireamh é agus onóracha á ríomh.

## **7. Modúl a chur siar**

Caithfear iarratas a dhéanamh ar chead modú(i)l a chur siar go dtí seisiún scrúdaithe eile de réir Nósanna Imeachta na hOllscoile atá i bhfeidhm maidir le Scrúdú a Chur Siar, mar atá leagtha amach i dTreoiríníte do mhic léinn maidir le scrúduithe a chur siar:

<https://www.nuigalway.ie/media/registry/exams/QA234---Deferral-of-Examinations---A-guide-for-students.pdf>

## **8. Athscríbhinní**

Beidh sonraí maidir le gach modúl a bhfuil marc faighte ina leith le feiceáil ar thrascríbhinní na mac léinn. Beidh an Caighdeán Onóracha bunaithe ar na bandaí gráid ag 6 thuas. Is iad seo a leanas na nótaí eile a bheidh le feiceáil:

- Díolúinte
- As láthair
- Curtha siar
- Neamhiomlán
- Iniúchadh

## 9. Déileáil le hEisceachtaí nó Athruithe

Ní ghlacfar le haon athruithe ar na rialacháin seo ach i gcásanna eisceachtúla amháin. Is éard is **athrú struchtúrtha** ann athrú suntasach buan ar na rialacháin seo a d'fhéadfaí a cheadú do chlár amháin nó níos mó. Sa chás go dteastaíonn **athrú struchtúrtha** chun críche acadúla, caithfear iarratas a dhéanamh ar Choiste na Rialachán Acadúil de chuid Choiste Seasta na Comhairle Acadúla, agus déanfaidh an Coiste sin moladh do Choiste Seasta na Comhairle Acadúla maidir leis na hiarratais a fhaightear. Is éard is lámhaltas ann an Coiste Seasta ag tabhairt cead sonrach, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil, clár staidéir a athrú ó na rialacháin atá leagtha síos. D'fhéadfadh **lámhaltas** a bheith ag teastáil ó thráth go chéile agus is faoi Choiste Seasta na Comhairle Acadúla cinneadh a dhéanamh ina leith, i ndiaidh breithniú agus moladh a bheith déanta ag Coiste na Rialachán Acadúil.